

# Sláinte agus Sábháilteacht

Ba cheart tús áite a thabhairt do na rialacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht sa seomra teicneolaíocht ábhar adhmaid. Nuair a bhíonn adhmaid á ghearradh agus saotharphíosáí á ndéanamh, bíonn cuid mhór uirlisí agus meaisíní dainséaracha in úsáid. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, go mbeadh na rialacha sláinte agus sábháilteachta ar eolas ag gach duine sa rang. Tá roinnt uirlisí agus meaisíní nár cheart duit a úsáid ach amháin má tá an múinteoir ag cabhrú leat. Cuirfidh an múinteoir ar an eolas thú roimh thús an ranga.

### I gCás Timpiste

- Cuir fios ar an múinteoir i gcás aon timpiste.
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil an bosca garchabhrach. Beidh sé ag teastáil ón múinteoir i gcás timpiste.
- Má dhónn tú do lámh, cuir faoi uisce é ar feadh 10 nóiméad.
- Má tá dusta i do shúile, nigh iad.
- I gcás turraing leictreach, cas as an chumhacht.




### Bunrialacha Sláinte agus Sábháilteachta

- Lean treoracha an mhúinteora i gcónaí.
- Bíodh an t-éadach ceart ort.
- Úsáid an trealamh sábháilteachta (masc, cosantóirí cluas, etc.).
- Glan suas i do dhiaidh.
- Ná bí sa seomra roimh an múinteoir.
- Ná bí ag pleidhcíocht.
- Ná cuir isteach ar obair duine eile.

## Slacht sa Rang

Tá sé tábhachtach do bhinse oibre a ghlanadh agus gach uirlis a chur ar ais san áit cheart ag deireadh an ranga sa chaoi nach mbeidh aon timpiste ann. Féach an sceitse thíos. Tá na huirlisí leagtha amach go deas néata sa bhinse oibre. Is fusa obair éifeachtach a dhéanamh nuair a bhíonn gach rud san áit cheart. Beidh sé níos fusa don duine a thiocfaidh i do dhiaidh freisin!




### Rialacha na mBinsí Oibre

- Clampáil an saotharphósa sa bhís bhinse.
- Coinnigh na binsí glan.
- Glan an dusta agus an fuílleach adhmaid de do bhinse le scuab go rialta.
- Coinnigh an spás idir na binsí glan.
- Cuir uirlisí agus ábhair ar ais san áit cheart.
- Abair leis an múinteoir má tá aon ábhar nó uirlis briste.



2.1 An bhís bhinse



Dainséar!

### Rialacha na nUirlisí Cumhachta

- Ná bíodh ach duine amháin ag aon mheaisín.
- Cinntigh go bhfuil an meaisín glan agus sa riocht ceart sula gcuirfidh tú ar siúl é.
- Cas as an soicéad agus an uirlis féin sula ndéanann tú uirlis chumhachta a phlugáil isteach.
- Ná húsáid plocóidí ná sreanga atá fliuch.
- Ná húsáid aon sreang atá gearrtha.
- Cuir an fiús ceart i ngach uirlis.
- Cuir fios ar an múinteoir láithreach má tá aon rud mícheart leis an meaisín.



2.2 Druilire colúin á úsáid

### 2.3 Comharthaí Sábháilteachta



Caith spéaclaí cosanta



Caith masc dusta



Caith cosantóirí cluas



Caith lámhainní



Caith aghaidhsciath



Bosca garchabhrach

## Comharthaí Sábháilteachta

Bí cinnte go dtuigeann tú na comharthaí sábháilteachta atá le feiceáil sa seomra teicneolaíocht ábhar adhmaid. Insíonn siad duit cad is gá duit a dhéanamh chun na huirlisí agus na hábhair éagsúla a úsáid go sábháilte (Fíor 2.3).

Má bhíonn timpiste ag aon duine sa seomra ranga, beidh an bosca garchabhrach ag teastáil ón múinteoir. Cén comhartha sábháilteachta a bhaineann leis an mbosca garchabhrach?

Baineann lipéid sábháilteachta áirithe le substaintí agus le huirlisí a bhíonn in úsáid sa seomra ranga (Fíor 2.4). Is gá a bheith san airdeall ar na contúirtí a bhaineann



le gach substaint agus uirlis a úsáideann tú. Bíonn an comhartha 'inlasta' ar channaí spraephéinte, mar shampla.

### 2.4 Lipéid Sábháilteachta



Riosca turraing leictreach



Inlasta



Contúirt



Dromchla te



Guais timpeallachta



Díobhálach




## Sábháilteacht agus Dearadh

Agus saotharphíosa á dhearadh agat, ní mór duit cuimhneamh ar an tsábháilteacht. Más cathaoir atá á dearadh agat, mar shampla, ní mór go mbeidh duine in ann suí go compordach uirthi gan titim. Féach an dá chathaoir ar dheis (Fíor 2.5, Fíor 2.6). Beidh tú in ann saotharphíosa níos fearr a dhearadh ach cúrsaí sábháilteachta a chur san áireamh.

### Anailís ar an Dearadh

Déan cinnte de:


- go seasfaidh an saotharphíosa as féin.
- gur féidir é a iompar go héasca.
- nach mbeidh aon imeall géar ann.
- go mbeidh sé in oiriúint don sprioc-aoisghrúpa.
- go mbeidh an modh ceangail láidir go leor, go háirithe má bhíonn píosaí beaga ann.
- nach mbeidh aon ábhar tocsaineach ann, péint luaidhe, mar shampla.



## Cleachtadh

1. Luaigh ceithre chontúirt a bhaineann leis an seomra teicneolaíocht ábhar adhmaid.
2. Cad ba cheart duit a dhéanamh má tá rud éigin briste sa seomra ranga?
3. Cad ba cheart duit a dhéanamh sula ndéanann tú aon uirlisí cumhachta a phlugáil isteach?
4. Cad a úsáideann an múinteoir má bhíonn timpiste ag duine sa seomra ranga?

5. Cad ba cheart duit a dhéanamh sula bhfágann tú do bhinse ag deireadh an ranga?
6. Luaigh ceithre ghné shábháilteachta is gá a chur san áireamh agus saotharphíosa á dhearadh agat.
7. Cad iad na contúirtí atá le feiceáil sa sceitse ar dheis?
8. Cad ba cheart duit a dhéanamh:
  - a) má théann dusta i do shúile?
  - b) má dhónn tú do lámh?
  - c) má ghearrann tú do mhéar?



## Ceisteanna Scrúdaithe

1. Abair cad is brí le gach ceann de na comharthaí sábháilteachta seo.



2. Ainmnigh dhá chéim shábháilteachta a ghlac an scoláire ar dheis agus an saotharphíosa á dhruileáil aige.



3. Ainmnigh dhá ghné shábháilteachta a bhíonn i gcarranna nua-aimseartha.
4. Úsáidtear spraighunna chun bailchríocha áirithe a chur ar throscán adhmaid. Ainmnigh dhá chéim sábháilteachta ba chóir a ghlacadh agus spraighunna á úsáid.